

Gabh chuig www.ccea.org.uk/therevision leis an leagan is úrnua a íoslódáil den tSonraíocht Tíreolaíochta

Ag Tacú Leat

Cuirfidh muid réimse áiseanna ar fáil le tacú le seachadadh na sonraíochta. Foilseoidh muid a mhéad agus is féidir dár n-ábhair thacaíochta faoi réir cead cóipchirt ar ár micreashuíomh Tíreolaíochta ag www.ccea.org.uk/geography

Tá na háiseanna seo a leanas ar fáil le tacú leis an tsonraíocht seo:

- ábhair shamplacha mheasúnaithe;
- treoirnótaí do mhúinteoirí.

Tá sé ar intinn againn na rudaí seo a chur ar fáil fosta:

- scéimeanna oibre;
- liosta áiseanna;
- cuairteanna tacaíochta ar lárionaid;
- laethanta tacaíochta do mhúinteoirí; agus
- Tuairiscí an Ard-scrúdaitheora;
- eiseamláiriú d'fheidhmíocht i scrúduithe.
- sean-scrúdpháipéir agus scéimeanna marcála;
- ríomh-leabhair;
- treoir maidir le húsáid GIS i soláthar Tíreolaíochta GCE; agus
- treoir ar an chinnteoireacht sa Tíreolaíocht ag A-leibhéal.

Déan Teagmháil Linn

Má bhíonn ceist agat nó má bhíonn comhairle nó treoir de dhíth ort, déan teagmháil le:

Oifigeach Ábhair le freagracht fhoriomlán as an tsonraíocht seo

Margaret McMullan
(028) 9026 1200 folíne 2285
mmcmullan@ccea.org.uk

Oifigeach Tacaíochta Sonraíochta

Arlene Ashfield
(028) 9026 1200 folíne 2291
aashfield@ccea.org.uk

3

fháth mhaithe le CCEA a roghnú don tsoláthar A-leibhéil agus GCSE agat



Tugann muid tacaíocht d'Fhoghlaimoirí

Cuireann CCEA an foghlaimoir i gcroílár gach rud a dhéanann muid trasna an churaclaim ar fad.



Is eagraíocht Áitiúil muid

Is é CCEA foras cáiliúcháin Thuaisceart Éireann - tuigeann muid riachtanais áitiúla d'fhoghlaimoirí áitiúla.



Tá muid Ag Éisteacht

Éistean CCEA lena chuid custaiméirí le torthaí níos fearr a chinntiú d'fhoghlaimoirí trí shonraíochtaí nuálacha, ábhartha, d'ardchaighdeán a fhorbairt.

Cad chuige a ndéantar an Tíreolaíocht a Theagasc?

Tá an deis ag daltaí imscrúdú obair allamuigh dá gcuid féin a dhéanamh agus eochairscileanna tíreolaíochta agus staitistiúla a fhorbairt.

Daltaí a bhaineann sult as imscrúdú a dhéanamh ar an dóigh a bhfeidhmíonn an domhan thart orthu, bíonn dúil acu sa Tíreolaíocht. Tógann an cháilíocht ar eolas agus ar thuiscint a fuarthas i dTíreolaíocht GCSE, ach chomh maith leis sin, bíonn sí fóirsteanach do dhaltaí atá ag déanamh staidéir ar GCE i dTeicneolaíocht Comhshaoil nó sna hEolaíochtaí.

Faigheann daltaí scileanna i scríbhneoireacht tuarascálacha, in imscrúdú, in anailís agus i léirmhíniú ar shonraí casta agus i gcinntiú casta a chosaint. Tá meas ar na scileanna seo i mbreisoideachas agus in ardoideachas, chomh maith leis an áit oibre.



GCE ATHBHREITHNITHE CCEA

Tíreolaíocht

Roghbhlúire Sonraíochta



@ccea_info



ccea.info



ccea.info



© CCEA 2016

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT

29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG

Tel: +44(0)28 9026 1200 Fax: +44(0)28 9026 1234

Email: info@ccea.org.uk Web: www.ccea.org.uk



THE REVISION

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2016
Le bronnadh ar leibhéal AS den chéad uair samhraidh 2017
Le bronnadh ar leibhéal A den chéad uair samhraidh 2018

Tíreolaíocht

Roghbhlúire Sonraíochta



Forléargas

Tá idirghníomhaíochtaí idir daoine, áiteanna agus a dtimpeallacht i gcoilár na tíreolaíochta.

Rinneadh an tsonraíocht nua seo a dhearadh leis an eolas agus na scileanna a chur ar fáil do dhaoine óga atá de dhíth orthu le bheith ina dtíreolaithe neamhspleácha agus rathúla i ndomhan atá ag athrú i rith an ama. Léiríonn sé nádúr ildisciplíneach an ábhair, agus na scileanna a fhorbrófar, feabhsóidh siad infhostaitheacht trasna na n-eolaíochtaí fisiceacha agus nádúrtha. Cuirtear dearthaí agus luachanna dearfacha i dtreo an domhain chun tosaigh, agus tríd an chúrsa déanfaidh daltaí machnamh ar a ndearthaí féin agus dearthaí daoine eile maidir leis an domhan thart orthu.

Tá an dul chun cinn tríd an chúrsa soiléir agus is féidir an trasdul chuig staidéar ar leibhéal níos airde a dhéanamh níos fusa mar gheall ar rogha agus doimhneacht an inneachair.



Achoimre Sonraíochta

AS 1: Tíreolaíocht Fhísiceach – Scrúdú seachtrach 1 uair 15 nóiméad, 40% de AS, 16% den A-leibhéal

AS 2: Tíreolaíocht Dhaonna – Scrúdú seachtrach 1 uair 15 nóiméad, 40% de AS, 16% den A-leibhéal

AS 3: Scileanna agus Teicnící d'Obair Allamuigh – Scrúdú seachtrach 1 uair an chloig, 20% de AS, 8% den A-leibhéal

A2 1: Próisis Fhísiceacha, Tírghnéithe agus Bainistíocht – Scrúdú seachtrach 1 uair 30 nóiméad, 24% den A-leibhéal

A2 2: Próisis agus Saincheisteanna i dtíreolaíocht Dhaonna – Scrúdú seachtrach 1 uair 30 nóiméad, 24% den A-leibhéal

A2 3: Cinnteoireacht sa Tíreolaíocht – Scrúdú seachtrach 1 uair 30 nóiméad, 12% den A-leibhéal



Tairbhe do Dhaltaí

Tá an tsonraíocht seo deartha againn le cuidiú le daltaí na rudaí seo a leanas a fhorbairt:

- tuiscint ar choincheapa agus ar phróisis tíreolaíochta le cuidiú leo an domhan againn atá ag athrú a thuiscint agus a léirmhíniú;
- feacht ar chastaí na n-idirghníomhaíochtaí taobh istigh de shochaithe, de gheilleagair, de chultúir agus de thimpeallachtaí ar scálaí idir áitiúil agus domhanda agus eatarthu;
- mar shaoránaigh dhomhanda a aithníonn dúshláin agus impleachtaí na hinbhuanaitheachta;
- mar fhoghlaimoirí criticiúla agus machnamhacha atá ábalta cinnti feachta a dhéanamh faoin tsaol thart timpeall orthu;
- mar úsáideoirí teicneolaíochtaí úra; agus
- sult, sásamh agus inspioráid a bhaint as a staidéir thíreolaíochta.

Inneachar	Achoimre Inneachair	Measúnú	Ualuithe
AS 1: Tíreolaíocht Fhísiceach	Tá trí théama san aonad seo, a chlúdaíonn eochairghnéithe den tíreolaíocht fhísiceach: <ul style="list-style-type: none"> • timpeallachtaí abhann; • éiceachórais áitiúla agus domhanda; agus • próisis a mhúnlaíonn aimsir agus aeráid. 	Scrúdú seachtrach scríofa 1 uair agus 15 nóiméad Roinn A: freagraíonn daltaí trí cheist ghairide, struchtúrtha, ceann amháin ar gach téama. Roinn B: tá trí cheist ann a bhfuil scríbhneoireacht shínte de dhíth orthu, ceann amháin ar gach téama. Freagraíonn daltaí dhá cheist ar bith.	40% de AS 16% den A- leibhéal
AS 2: Tíreolaíocht Dhaonna	Tá trí théama san aonad seo, a chlúdaíonn eochairghnéithe den tíreolaíocht dhaonna: <ul style="list-style-type: none"> • daonra; • lonnaitheacht; agus • forbairt. 	Scrúdú seachtrach scríofa 1 uair agus 15 nóiméad Roinn A: freagraíonn daltaí trí cheist ghairide, struchtúrtha, ceann amháin ar gach téama. Roinn B: tá trí cheist ann a bhfuil scríbhneoireacht shínte de dhíth orthu, ceann amháin ar gach téama. Freagraíonn daltaí dhá cheist ar bith.	40% de AS 16% den A- leibhéal
AS 3: Scileanna Obair Allamuigh agus Teicnící sa Tíreolaíocht	Tá na scileanna agus na teicnící atá de dhíth le tabhairt faoi shonraí tíreolaíochta a bhailiú ar an láthair san aonad seo: <ul style="list-style-type: none"> • roghnaigh saincheist, hipitéis nó ceist le himscrúdú a dhéanamh uirthi agus atá nasctha le hAonaid AS 1 nó 2; • feacht a fhorbairt ar shábháilteacht in obair allamuigh; • teicnící samplála cuí a roghnú agus a luacháil; • réimse teicnící a úsáid le fianaise chainníochtúil agus cháilíochtúil a shainaithint, a roghnú agus a bhailiú ó fhoinsí príomha agus tánaisteacha; agus • cur síos, anailís, léirmhíniú agus luacháil a dhéanamh ar fhianaise agus tábail a bhaint. 	Scrúdú seachtrach scríofa 1 uair an chloig Ní mór d'iarrthóirí ráiteas achoimre agus tábla de shonraí amha a chur isteach lena scrúdpháipéar.	20% de AS 8% den A-leibhéal
A2 1: Próisis Fhísiceacha, Tírghnéithe agus Bainistíocht	Tá ceithre rogha san aonad seo, as a roghnóidh daltaí dhá cheann: <ul style="list-style-type: none"> • Teicteonaic Phlátaí: Teoiric agus Torthaí • Éiceachórais Thrópaiceacha: Nádúr agus Inbhuanaitheacht • Timpeallachtaí Dinimiciúla Cósta • Athrú Aeráide: Anois agus an tAm atá Thart 	Scrúdú seachtrach scríofa 1 uair agus 30 nóiméad Tá ceithre roinn sa pháipéar seo. Freagraíonn gach roinn do cheann amháin de na ceithre rogha agus tá dhá cheist struchtúrtha i gceist léi. Freagróidh daltaí dhá cheist, ceann amháin ó gach ceann den dá rogha a roghnaigh siad.	24% den A-leibhéal
A2 2: Próisis agus Saincheisteanna sa Tíreolaíocht Dhaonna	Tá ceithre aonad roghnacha san aonad seo, as a gcaithfear dhá cheann de na rudaí seo a roghnú: <ul style="list-style-type: none"> • Tíreolaíocht Chultúrtha • Pleanáil faoi choinne Lonnaitheachtaí Inbhuanaithe • Éagsúlacht Eitneach • Turasóireacht 	Scrúdú seachtrach scríofa 1 uair agus 30 nóiméad Tá ceithre roinn sa pháipéar seo. Freagraíonn gach roinn do cheann amháin de na ceithre rogha agus tá dhá cheist struchtúrtha i gceist léi. Freagróidh daltaí dhá cheist, ceann amháin ó gach ceann den dá rogha a roghnaigh siad.	24% den A-leibhéal
A2 3: Cinnteoireacht sa Tíreolaíocht	Tá cleachtadh cinnteoireachta éigeantach ann i bhfoirm cás-staidéir. Cuireann muid réimse áiseanna ar fáil d'iarrthóirí. Ní mór d'iarrthóirí anailís, léirmhíniú agus luacháil a dhéanamh ar an fhaisnéis atá curtha ar fáil. B'fhéidir go n-iarrfaí ar iarrthóirí ról ar leith a ghlacadh. Iarrann muid ar iarrthóirí smaoineamh ar roghanna malartacha agus moltaí a dhéanamh agus iad a chosaint.	Scrúdú seachtrach scríofa 1 uair agus 30 nóiméad	12% den A-leibhéal